

# Foirm Uimhir APT4



## Iarratas ar Aisíocaíocht i leith Cáin ar Tháirgí Alcóil ar Bheoracha Micreagrúdlainne

Féach ar an lámhleabhar cánach agus dleachta Riarachán & Rialú Trádstórais Chánach Cuid 2 - Grúdlanna, Micreagrúdlanna, Déantóirí Leann Úll agus Leann Piorraí sula gcomhlánaíonn tú an foirm seo.

Uimhir an Chustaiméara:

Uimhir an Bharántais (Úsáid Oifigiúil Amháin):

Ainm agus Seoladh an Éilitheora

(Eircode san áireamh) (BAIN ÚSÁID AS BLOCLITREACHA)

UPSP nó Uimhir Cánach Corparáide, cibé acu is cuí:

### Tréimhse an Éilimh

Ón:  Go dtí:

(Féach ar an lámhleabhar cánach agus dleachta Riarachán & Rialú Trádstórais Chánach Cuid 2 - Micreagrúdlanna, Déantóirí Leann Úll agus Leann Piorraí)

### Nótaí maidir leis an bhFoirm Éilimh seo a chomhlánú

1. Ní mór go mbeadh an éileamh seo sínithe:

(a) ag an gcáiníocóir,

(b) sa chás gur comhlacht corpraithe atá sa cháiníocóir, ag stiúrthóir, ag rúnaí na cuideachta, nó ag aon duine atá údaraithe é a shíniú ar a son,

nó

(c) sa chás gur comhlacht neamhchorpraithe daoine atá sa cháiníocóir, ag ceann de na comhpháirtithe nó ag aon duine atá údaraithe é a shíniú ar a son.

2. Is gá foirm éilimh ar leithligh a úsáid:

(i) le haghaidh gach tréimhse trí mhí éilimh, agus

(ii) i ndáil le gach micreagrúdlann ina ndéantar beoir a tháirgeadh.

**Féadtar pionóis agus ús trom a bheith tabhaithe ag duine ar bith a dhéanann, i ndáil le haon iarratas ar aisíocaíocht i leith Cáin ar Tháirgí Alcóil leis na Coimisinéirí Ioncaim, aon dearbhú atá bréagach ó thaobh aon sonra, nó ag duine ar bith a dhéanann góchumadh nó brionnú ar aon doiciméad a chuirtear i láthair i ndáil le haon iarratas den chineál sin.**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach [Priobháideachas](http://www.revenue.ie) ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie). Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

### ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

Suim: €

Íocaíocht údaraithe ag:  Grád:  Dáta:

Íocaíocht ceadaithe ag:  Grád:  Dáta:

Uimhir O.P.:  Dáta:  Inisealacha:

## Sceideal an Éilimh

### 1. Ainm agus seoladh na micreaghrúdlainne inar grúdaíodh an bheoir

### 2. Cainníocht bheorach a grúdaíodh sa ghrúdlann thuasluaite a raibh aisíocaíocht éilithe agat ina leith sa bhliain féilire seo

Heictilítear

### 3. Cainníocht bheorach is ábhar don éileamh seo

Heictilítear

### 4. Iomlán sa bhliain go dtí seo (Suim boscaí 2 & 3)

Heictilítear

### 5. Suim na Cánach ar Tháirgí Alcóil a íocadh maidir le bosca 3 thuas €

Sraithuimhir agus dáta íocaíochta na ndoiciméad i leith tréimhse an éilimh (C&M 1098, C&M 1115, nó C&M 1087 de réir mar is cuí)

### 6. Suim na haisíocaíochta a éilíodh (50% den tsuim a léirítear i mbosca 5) €

## Dearbhú

Dearbhaím leis seo:

(a) gur íoc mé €  i gCáin ar Tháirgí Alcóil i ndáil le  heictilítear beorach a táirgíodh sa ghrúdlann a luaitear i sceideal an éilimh thuas,

(b) maidir leis an mbeoir is ábhar don éileamh seo:

(i) ghrúdaigh an t-éilitheoir í agus tá sí incháilithe d'fhaoiseamh faoi Alt 78A den Acht Airgeadais, 2003 arna leasú ag Alt 73 den Acht Airgeadais, 2008, Alt 51 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2008, Alt 59 den Acht Airgeadais, 2014, Alt 43(1)(b) den Acht Airgeadais, 2015, Alt 37 den Acht Airgeadais, 2016, Alt 43 den Acht Airgeadais, 2019 agus Alt 48 den Acht Airgeadais, 2022.

nó

(ii) go bhfuair an t-éilitheoir dearbhú go bhfuil siad incháilithe le haghaidh faoisimh, mar a cheanglaítear le hAlt 3 den lámhleabhar cánach agus dleachta Riarachán agus Rialú Trádstórais Chánach Cuid 2 – Grúdlanna, Micreaghrúdlanna, Déantúsóirí Leann úll agus piorraí.

(c) gur seoladh cóip dheimhnithe d'Fhoirm APT3 (Deimhniú Incháilitheachta le haghaidh Faoisimh faoi Alt 78A den Acht Airgeadais 2003) chuig na Coimisinéirí Ioncaim de réir na dtreoracha sa lámhleabhar cánach agus dleachta Riarachán agus Rialú Trádstórais Chánach Cuid 2 – Grúdlanna, Micreaghrúdlanna, Déantúsóirí Leann Úll agus Piorraí;

agus

(d) go bhfuil na sonraí san fhoirm seo ceart agus cruinn ar feadh m'eolais agus mo thuairime agus leis seo déanaim iarratas ar aisíocaíocht €  de réir sceideal an éilimh thuas. Glacaim mar chúram orm féin, ar iarratas, aon fhianaise a chur ar fáil a fhéadann a bheith ag teastáil ó na Coimisinéirí Ioncaim mar thacaíocht don éileamh seo.

Síniú an Éilitheora  Dáta

Teideal an Éilitheora

(féach Nóta 1)